Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Meitheamh 2022
(OR. fr)

Comhad Idirinstitiúideach:
2012/0060(COD)

9977/22
ADD 1 REV 1

CODEC 872
POLCOM 49
COMER 76
MAP 15
MI 458

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le rochtain oibreoirí eacnamaíocha, earraí agus seirbhísí tríú tíortha ar mhargaí soláthair phoiblí agus lamháltais an Aontais agus maidir le nósanna imeachta a bhunú atá ceaptha an chaibidlíocht i leith rochtain oibreoirí eacnamaíocha, earraí agus seirbhísí an Aontais ar mhargaí soláthair phoiblí agus lamháltais tríú tíortha a éascú (Ionstraim Soláthair Phoiblí Idirnáisiúnta - IMPI) **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráitis |

**<u>Ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle</u>**

**<u>i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/xxx*</u>**

Aithníonn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle go bhfuil na rialacha nós imeachta coiste arna nglacadh faoin ionstraim seo gan dochar do thoradh caibidlíochta reachtaí eile atá ar siúl nó a dhéanfar amach anseo agus nár cheart iad a mheas mar fhasach do chomhaid reachtacha eile.

* IO: cuir isteach uimhir foilsithe an Rialacháin nua.

**Ráiteas ón gCoimisiún i ndáil leis an athbhreithniú ar an Rialachán maidir leis an Ionstraim Soláthair Phoiblí Idirnáisiúnta (Rialachán 2022/xxx)***

Agus athbhreithniú á dhéanamh ar raon feidhme, feidhmiú agus éifeachtacht Rialachán (AE) 2022/xxx*, i gcomhréir le hAirteagal 14 den Rialachán sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú freisin ar an ngá atá le tíortha atá i mbéal forbartha a dhíolmhú óna chur i bhfeidhm, ar tíortha iad a thairbhíonn den socrú ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh.978/2012, agus go háirithe tairbhithe an tsocraithe speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas, mar a shainmhínítear in Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh.978/2012 é. Faoi chuimsiú an athbhreithnithe sin, tabharfaidh an Coimisiún aird ar leith ar earnálacha a mheastar a bheith straitéiseach ó thaobh sholáthar poiblí an Aontais de.

* IO: cuir isteach uimhir foilsithe an Rialacháin nua.